1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**BP-25-057**

**Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)**

**Dáta:** 19 Bealtaine 2025
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL

**I láthair:**
Charlotte O'Donovan, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa

**Leithscéalta:** Brigid Manton, Claire McGing, an Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, an Comhairleoir Eoghan Dockrell, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Vicki Casserly, Wayne Carey

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Caroline Daly, Oifigeach Forbartha; Joanne McCloskey, Breisoideachas agus Oiliúint; Mairéad Walsh, Ceann Ciste agus Soláthair; Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, An Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

1. **Leithscéalta/Comhbhrón**
   Tugadh ar aird leithscéalta a ghabh Brigid Manton, Claire McGing, an Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, an Comhairleoir Eoghan Dockrell, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Vicki Casserly, Wayne Carey tugtha ar aird.
   Rinneadh comhbhrón le teaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ó bhí an cruinniú ann.

2. **Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
   Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**3. Nithe le Réiteach ag an mBord**

**3.1. Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar an 26 Márta 2025.
**Molta:** An Clr. Yvonne Collins, **Duine a thacaigh léi:** Charlotte O'Donovan

**3.2. Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh**

Cheadaigh an Bord glacadh le Tuarascáil Bhliantúil 2024 an BOOÁCDL
**Molta:** An Clr. Pamela Kearns, **Duine a thacaigh léi:** David O'Connell

Cheadaigh an Bord glacadh le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh faoi réir treorach ón Roinn Oideachais agus Óige (DoEY) maidir le Nithe Ábhartha.
**Molta:** Colm Kilgallon, **Duine a thacaigh leis:** Ken Farrell

**3.3. Iarratas Iasachta**

D'athbhreithnigh agus cheadaigh an Bord síneadh bliantúil iasacht leanúnach Paddy Lavelle ó Mheán Fómhair 2025 go Meán Fómhair 2026.
**Molta:** Ken Farrell, **Duine a thacaigh leis:** Colm Kilgallon

D'aontaigh an Bord litir a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Óige ag iarraidh go ndéanfaí post an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh a thabhairt chun rialtachta mar a rinneadh anuraidh.

**3.4. Boird Bhainistíochta**

Thug an Bord ar aird Cheapacháin na mBoird Bainistíochta seo a leanas ó chomhlachtaí ainmnithe.

- Ceapacháin Ann O'Donoghue agus Brian Fleming mar Ainmnithe de chuid an Ard-Easpaig ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín

- Ceapacháin Meena Baskarasubramanian, Colm O'Connor agus Sarah Hearne mar Ainmnithe de chuid Ag Foghlaim Le Chéile ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail na Ciseoige

- Ceapachán an tUrramach Colin McConaghie mar Ainmní de chuid Eaglais na hÉireann ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Is mian le Ken Farrell éirigh as mar Chomhalta Boird agus mar Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta i gColáiste Pobail Ráth an Deagánaigh Lorgófar ainmniúchán ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Ráth an Deagánaigh ag cruinniú an Bhoird i mí an Meitheamh. Chuir an Feidhmeannas a mbuíochas in iúl do Ken as an gcúnamh a thug sé don Bhord Bainistíochta i Ráth an Deagánaigh.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**4. Nithe le tabhairt faoi deara ag an mBord**

**4.1. Coistí an Bhoird – Tugtha ar aird**

**4.2. Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin –** Tugtha ar aird

**4.3. Ionaid Dhá Fheidhm agus Maoiniú**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl don Bhord gur seoladh dréacht-tuarascáil chuig an Roinn Oideachais (DoE) i mí an Mhárta. Tá an BOOÁCDL ag fanacht le haiseolas. Cuirfear an Bord ar an eolas faoi aon dul chun cinn.

**4.4. Cur i Láthair ar an Éiteas**

Rinne Caroline Daly, Oifigeach Forbartha, cur i láthair ar ÉITEAS laistigh den BOOÁCDL.

**4.5. Brandáil Breisoideachais agus Oiliúint**

Rinne Joanne McCloskey ón mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) cur i láthair ar bhrandáil an BOO.

**4.6. Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin (IPA)**

Mar chuid den riachtanas atá ar BOOnna oiliúint a chur ar fáil do Chomhaltaí Boird agus do Chomhaltaí Coiste faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas, tá an BOOÁCDL tar éis clárú le Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin. Reáchtálann siad seisiúin oiliúna ar líne agus do dhaoine atá i láthair go pearsanta chun go mbeidh baill in ann freastal orthu. Cuirfear timpeall sonraí logáil isteach agus ní ceart iad a roinnt.

**5. Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1. Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach**

Scaipeadh tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ón Stiúrthóir i bpacáiste an Bhoird agus ó bhéal agus cuireadh i láthair an bhoird ó bhéal iad.

Leanadh le cainteanna maidir leis an acmhainn i Scoil Speisialta Danu. Cuirfidh an Feidhmeannas é seo os comhair an chruinnithe a bheidh acu leis an Roinn Oideachais agus Óige (DoEY) agus cuirfear in iúl gur ardaíodh é seo ag cruinniú Boird. D'aontaigh an Bord litir a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Óige ag léiriú a n-imní maidir le hacmhainn na scoile seo.

**5.2. Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.

Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

**5.3. Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.

**5.4. Próifíl Foirne**

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

**5.5. Polasaithe**

Clár Riosca – tugtha ar aird

Dheimhnigh Stiúrthóir TFE nach bhfuil aon nuashonrú ar an gclár riosca ó chruinniú an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair.

**6. Nithe a Chuir an Bord isteach**

Ceann ar bith.

**7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile**

16 Meitheamh 2025 ag 4:30pm